7309.00	Taiscumair, umair, dabhcha agus taisceadáin eile den chineál sin, iad déanta as iarann nó as cruach, le haghaidh aon ábhair (seachas gás comhbhrúite nó leachtaithe), a bhfuil toilleadh is mó ná 300 l iontu, bídis línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bíodh, ach nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu
7310	Umair, bairillí, drumáí, cannaí, boscaí agus taisceadáin eile den chineál céanna, iad déanta as iarann nó as cruach, le haghaidh aon ábhair (seachas gás comhbhrúite nó leachtaithe), a bhfuil toilleadh iontu nach mó ná 300 l, bídis línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bíodh, ach nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu
7311.00.00	Taisceadáin le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe agus iad déanta as iarann nó as cruach
7313.00.00	Sreang dheilgneach agus í déanta as iarann nó as cruach; fonsa lúbach nó sreang chothrom shingil, bíodh sí deilgneach nó ná bíodh, agus sreang dhúbailte atá casta go scaoilte, den chineál a úsáidtear le haghaidh fál a thógáil, é déanta as iarann nó as cruach
73.14	Éadach (lena n- áirítear bandaí éigríochta), greille, líontán agus fálta, iad déanta as sreang iarainn nó sreang chruach; Earraí eile déanta as iarann nó cruach
73.17.00	Tairní, greamanna, bioráin ordóige, tairní rocacha, stáplaí (gan na cinn atá faoi cheannteideal 83.05 a áireamh) agus earraí eile den chineál sin, iad déanta as iarann nó as cruach, bíodh cnogaí ó ábhar eile orthu nó ná bíodh, agus gan earraí a bhfuil cnogaí copair orthu a áireamh
8303.00.00	Taisceadáin, cófraí daingne, doirse agus locair slántaisce atá armúrtha nó treisithe le haghaidh seomraí daingne, taisceadáin le haghaidh páipéir ghníomhais, nó airgead tirim agus a leithéid, agus codanna díobh, iad déanta as táirmhíotal
83.11	Sreang, slata, feadáin, plátaí, leictreoidí agus táirgí comhchosúla, iad déanta as táirmhíotal nó as cairbídí miotail atá brataithe le hábhar flosca, nó ábhar flosca ina gcroílár, de chineál a úsáidtear chun miotal nó cairbídí miotail a shádráil, a phrásáil, a tháthú nó a dheascadh; sreang agus slata, iad déanta as púdar comhdhlúite táirmhíotail, a úsáidtear chun miotal a spraeáil
8701.95.90	Tarracóirí (seachas tarracóirí atá faoi cheannteideal 87.09. Eile, agus cumhacht a n-innill. níos mó ná 130 kW
8703.22	Feithiclí eile, nach bhfuil iontu ach inneall loiní frithingeach dócháin inmheánaigh spréach-adhainte. ina bhfuil toilleadh sorcóra is mó ná 1000 cc ach nach mó ná 1500 cc

Ainmníocht CC 2017	Tuairisc
8703.23	Feithiclí eile, nach bhfuil iontu ach inneall loiní frithingeach dócháin inmheánaigh spréach-adhainte. ina bhfuil toilleadh sorcóra is mó ná 1500 cc ach nach mó ná 3000 cc
8704.21.90	Mótarfeithiclí chun earraí a iompar. Eile, ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh adhainte comhbhrú (inneall díosail nó leathdhíosail). ‘Ollmhais feithicle’ nach mó ná 5 thonna
8704.22.90	Mótarfeithiclí chun earraí a iompar. Eile, ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh adhainte comhbhrú (inneall díosail nó leathdhíosail). ‘Ollmhais feithicle’ is mó ná 5 thonna ach nach mó ná 20 tonna
8704.31.90	Mótarfeithiclí chun earraí a iompar. Eile, ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh spréach-adhainte. ‘Ollmhais feithicle’ nach mó ná 5 thonna
8711.20.20	Gluaisrothair ina bhfuil toilleadh sorcóra is mó ná 125 cm ³
8711.20.10	Gluaisrothair ina bhfuil toilleadh sorcóra nach mó ná 125 cm ³

SEIRBHÍÍ

Cumhdaítear le Caibidil 12 soláthar na seirbhíí rialtais a liostaítear thíos, arna dhéanamh ag na heintitis a liostaítear i bhFoscúbhinní 12-D-1 agus 12-D-2, a shaináithnítear i gcomhréir le doiciméad MTN.GNS/W/120, Iúil 10, 1991, ó EDT, agus le hAicmiú Lárnach Táirgí Sealadach Pháipéir Staidrimh na Náisiún Aontaithe, sraith M, uimhir 77.

EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA		ALT Comhfhreagrach
1.	SEIRBHÍÍ GNÓ	Roinn B
B.	Seirbhíí Ríomhaireachta agus Seirbhíí Gaolmhara	
a.	Sainchomhairleoireacht a bhaineann le suiteáil crua-earraí ríomhaire	84100
b.	Seirbhíí anailíse córais	84220
c.	Seirbhíí próiseála sonraí	843
d.	Seirbhíí bunachair sonraí	844
C.	Seirbhíí taighde agus forbartha	
b.	Seirbhíí taighde agus forbartha maidir leis na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí	852
F.	Seirbhíí Gnó eile	
b.	Seirbhíí pobalbhreitheanna	86402
c.	Seirbhíí sainchomhairleoirí bainistíochta	865
d.	Seirbhíí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bhainistíochta	866
h.	Seirbhíí a bhaineann leis an mianadóireacht	883+5115
n.	Cothabháil agus deisiú trealamh (gan longa, aerárthaí agus trealamh iompair eile a áireamh)	663+8861-8866
s.	Seirbhíí arna soláthar tráth tionóil nó comhdhálacha	87909*
2.	SEIRBHÍÍ CUMARSÁIDE	
C.	Seirbhíí teileachumarsáide	
4.	SEIRBHÍÍ DÁILEACHÁIN	
B.	Seirbhíí trádála mórdhíola	622
C.	Seirbhíí miondhíola	631+632 6111 +6113+6121
D.	Seirbhíí saincheadúnais	8929
7.	SEIRBHÍÍ AIRGEADAIS	
C.	Seirbhíí atharachais agus aisghéillte	81299*
9.	SEIRBHÍÍ TURASÓIREACHTA AGUS SEIRBHÍÍ A BHFUIL BAINTE ACU LE TAISTEAL	
A.	Óstáin agus bialanna (lena n-áirítear seirbhíí soláthair bia ón taobh amuigh de réir conartha)	641-643

EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	ALT Comhfhreagrach
C. Seirbhísí treoraithe turais	7472

SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA

Ní chumhdaítear seirbhísí foirgníochta leis an bhFoscúbhinn seo.

NÓTAÍ GINEARÁLTA

Tá feidhm ag na nótaí ginearálta seo a leanas maidir le Caibidil 12.

1. Sna tairiscintí poiblí náisiúnta a ghlaonn na heintitis a chumhdaítear le Foscúbhinní 12-D-1- agus 12-D-2, forchoimeádaíann Paragua an ceart chun cláir thacaíochta a chur i bhfeidhm le haghaidh táirgeadh agus fostaíocht ar bhonn conarthaí arna dtabhairt i gcrích ag Stát Pharagua. Maidir le cláir thacaíochta le haghaidh táirgeadh agus fostaíocht náisiúnta, féadfaidh Paragua an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) ar feadh 18 mbliana (ocht mbliana déag) ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, corrlach fabhar praghsanna 20 % (fiche faoin gcéad) a chur i bhfeidhm maidir le táirgí agus seirbhísí de thionscnamh náisiúnta:
 - (i) i dtáirgí, nuair atá saothar, amhábhair agus ionchuir ó Pharagua ar chéatadán atá cothrom le nó níos mó ná 40 % (daichead faoin gcéad); agus
 - (ii) in oibreacha bóthair, tógálacha, seirbhísí cothabhála, iompar, árachas, comhairliúchán agus eile i gcoitinne i gcás ina bhfuil níos mó ná 70 % (seachtó faoin gcéad) d'fhoireann an tsoláthraí de náisiúntacht Pharagua;
 - (b) ar feadh 10 (deich) mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, cláir thacaíochta a úsáid chun nuálaíocht agus taighde eolaíoch agus teicneolaíoch a spreagadh, lena n-áirítear fritháirimh ar choinníoll go bhfuil a gcoinníollacha agus a measúnú neamh-idirdhealaitheach agus go léirítear iad san fhógra faoi sholáthar beartaithe agus go bhfuil siad sainithe go soiléir sna doiciméid soláthair;

2. Ní bheidh feidhm ag Caibidil 12 nuair a thagraíonn ábhar na tairisceana do bheartais náisiúnta atá dírithe ar an méid seo a leanas: oideachas, seirbhísí don tsláinte phoiblí a áirítear i gcláir arna bhformheas ag an Aireacht Sláinte, slándáil bia agus cothaithe agus cláir bheathaithe scoile, agus cláir feirmeoireachta teaghlaigh, de réir dhlí Pharagua.

3. Níl feidhm ag Caibidil 12 maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) ceannacháin institiúidí faoi úinéireacht stáit agus aon institiúid phoiblí eile nach liostaítear i bhFoscúbhinní 12-D-1 agus 12-D-2 de Pharagua;
 - (b) conarthaí chun seirbhísí a tharmligean, amhail údaruithe, ceadanna agus lamhátais, lena n-áirítear oibreacha poiblí a lamhátais;
 - (c) comhaontuithe neamhchonarthacha nó aon chineál cúnaimh a sholáthraíonn Páirtí nó fiontar faoi úinéireacht stáit, lena n-áirítear Conradh faoi chláir a mhaoinítear le hiasachtaí ó eagraíochtaí airgeadais idirnáisiúnta, deonacháin, méaduithe caipitil, dreasachtaí cánach, fóirdheontais, ráthaíochtaí, comhaontuithe, comhar agus soláthar poiblí earraí agus seirbhísí do dhaoine nó do rialtais ar an leibhéal réigiúnach, cúige nó áitiúil;
 - (d) conarthaí a síníodh chun cúnaimh eachtrach a thabhairt agus chun na críche sin amháin;
 - (e) soláthar poiblí a dhéantar lasmuigh de chríoch an Pháirtí lena thomhailt lasmuigh de chríoch an Pháirtí;
 - (f) seirbhísí gníomhaireachtaí nó seirbhísí trádastóras cánach a fháil, seirbhísí leachtaithe agus riaracháin d'institiúidí airgeadais rialáilte, ná seirbhísí díola agus dáilte fiachais phoiblí; nó

- (g) soláthar poiblí a dhéantar i measc eintitis phoiblí, bíodh siad san áireamh i bhFoscúbhinn 12-D-1 nó ná bíodh, fad nach ndéantar cuspóir an chonartha a chur amach ar fochonradh chuig tríú duine nach eintiteas poiblí é agus ar choinníoll go dtagraíonn cuspóir an chonartha d'earraí agus do sheirbhísí lóistíochta, sóisialta agus oideachais.
-

URAGUA

EINTITIS RIALTAIS LÁIR

(a) Tairseacha le haghaidh earraí agus seirbhísí:

- (i) Ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí deireadh an 10ú (an deichiú) bliain tar éis dháta a theacht i bhfeidhm, agus uaidh sin ar aghaidh: 211 951 CTS (dhá chéad is aon mhíle dhéag, naoi gcéad caoga a haon);
- (ii) Ón 11ú bliain (an t-aonú bliain déag) go dtí deireadh an 15ú bliain (an cúigiú bliain déag) tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus uaidh sin ar aghaidh: 200 000 CTS (dhá chéad míle); agus
- (iii) Ón 16ú bliain (sé bliain déag) tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus uaidh sin ar aghaidh: 130 000 CTS (céad is tríocha míle).

(b) Tairseacha le haghaidh seirbhísí foirgníochta:

5 652 032 CTS (cúig mhilliún, sé chéad caoga is dhá mhíle, tríocha a dó) le haghaidh na seirbhísí foirgníochta nó na n-oibreacha poiblí a shonraítear i bhFoscúbhinn 12-E-6.

Liosta Uragua

Mura sonraítear a mhalairt, tá feidhm ag Caibidil 12 maidir leis na heintitis a liostaítear thíos:

An Brainse Feidhmiúcháin:

- (a) Presidencia de la República
- (b) Ministerio de Defensa Nacional (Aireacht na Cosanta Náisiúnta)
- (c) Ministerio del Interior
- (d) Ministerio de Economía y Finanzas
- (e) Ministerio de Relaciones Exteriores
- (f) Ministerio de Ganadería, Agricultura y Pesca
- (g) Ministerio de Industria, Energía y Minería
- (h) Ministerio de Turismo
- (i) Ministerio de Transporte y Obras Públicas
- (j) Ministerio de Educación y Cultura
- (k) Ministerio de Salud Pública
- (l) Ministerio de Trabajo y Seguridad Social

- (m) Ministerio de Vivienda y Ordenamiento Territorial
- (n) Ministerio de Desarrollo Social
- (o) Ministerio de Ambiente

An Brainse Reachtach:

- (a) Cámara de Senadores;
- (b) Cámara de Representantes;
- (c) Asamblea General;
- (d) Comisión Permanente;
- (e) Comisión Administrativa.

An Brainse Breithiúnach:

- (a) Suprema Corte de Justicia;
- (b) Tribunales de Apelaciones;
- (c) Juzgados Letrados de Primera Instancia;
- (d) Juzgados de Paz Departamentales de la Capital;
- (e) Juzgados de Faltas;

- (f) Juzgados de Paz Departamentales del Interior;
- (g) Juzgados de Paz de las Ciudades, Villas o Pueblos del Interior;
- (h) Juzgados de Paz Rurales.

Eile:

- (a) Corte Electoral (An Chúirt Toghcháin)
- (b) Tribunal de Cuentas (An Chúirt Iniúchóirí)
- (c) Tribunal de lo Contencioso Administrativo (An Chúirt um Ábhair Riaracháin)

Nótaí a bhaineann le liosta na n-eintiteas a leagtar amach thuas i bhFoscúibhinn 12-E-1:

1. Ní áirítear le soláthar earraí agus seirbhísí ag Uachtaránacht Uragua an soláthar a dhéanann Unidad Operativa Central de chuid Plan Nacional de Integración Socio-Habitacional Juntos, a socraíodh le Ley nº 18.829 de 24 de octubre de 2011;
2. Ní áirítear na hearraí a liostaítear thíos i gceannacháin arna ndéanamh ag an Ministerio de Defensa Nacional agus ag an Ministerio del Interior:
 - (a) ábhar cogaidh núicléach;
 - (b) trealamh rialaithe tine;
 - (c) armlón agus pléascáin;

- (d) diúracáin;
- (e) aerárthaí agus comhpháirteanna le haghaidh aerárthaí;
- (f) trealamh chun aerárthaí a éirí de thalamh, a thuirlingt agus a láimhseáil ar an talamh;
- (g) báid agus trealamh muirí; agus
- (h) armáil.

Ní chumhdaítear soláthar earraí arna ndéanamh ag an Ministerio de Defensa Nacional ná ag Ministerio del Interior le Roinn 2 (Bia, Deochanna agus Tobac, Táirgí Teicstíle agus Éadaigh agus Leathair) d'Aicmiú Lárnach Táirgí (ALT) Leagan 1.0.) de na Náisiúin Aontaithe.

EINTITIS RIALTAIS FO-LÁIR

1. Tionscnóidh Uragua imeachtaí comhairliúcháin inmheánacha lena rialtais roinne d'fhonn leibhéal sásúil cumhdaigh a ghealladh ar an leibhéal fo-lárnach. Déanfar comhairliúcháin d'fhonn na heintitis uile faoi na rialtais roinne a fhostú. Measfar an cumhdach a bheith sásúil má chuimsíonn sé rialtais roinne a ghineann 65 % (seasca a cúig faoin gcéad) ar a laghad dá OTI náisiúnta.
2. Tabharfaidh Uragua na comhairliúcháin sin i gcrích tráth nach déanaí ná 2 (dhá) bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus tabharfaidh sí fógra láithreach don Aontas Eorpach faoi thorthaí na gcomhairliúchán sin.
3. Ar choinníoll gur baineadh amach an cumhdach sásúil a leagtar amach faoi mhír 1, glacfaidh an Chomhairle Trádála cinneadh an Fhoscúbhinn seo a mhodhnú dá réir.

EINTITIS EILE

Eintitis fhéinrialaitheacha:

1. Administración Nacional de Educación Pública (ANEP)
2. Banco Central del Uruguay (BCU)
3. Banco de la República Oriental del Uruguay (BROU)
4. Banco de Seguros del Estado (BSE)
5. Consejo Directivo Central (CODICEN)
6. Instituto Nacional de Colonización (INC)
7. Universidad de la República (UDELAR)
8. Universidad Tecnológica (UTEC)

Seirbhísí díláraithe:

1. Administración Nacional de Correos (ANC)
2. Instituto Uruguayo de Meteorología (INUMET)

Nótaí a bhaineann le liosta na n-eintiteas a leagtar amach thuas (Foscúbhinn 12-E-3)

1. Ní áirítear i gceannacháin Administración Nacional de Educación Pública na ceannacháin sin a dhéantar chun earraí a fháil, a fhorghníomhú nó a dheisiú, nó chun seirbhísí a fhrúiliú, chun cothabháil agus feabhsuithe bonneagair a dhéanamh ar áitribh teagaisc faoina spleáchas.
2. Ní áirítear i gceannacháin a dhéanann Universidad de la República na ceannacháin sin a dhéantar chun earraí a fháil, a fhorghníomhú, a dheisiú nó chun seirbhísí a fhrúiliú le haghaidh taighde eolaíoch.

EARRAÍ

Tá feidhm ag Caibidil 12 maidir le gach soláthar poiblí earraí arna bhfáil ag eintitis a áirítear in Iarscír bhinn 12-E, mura sonraítear a mhalairt i bhFoscír bhinní 12-E-1 go 12-E-7.

SEIRBHÍÍ

Tá feidhm ag Caibidil 12 maidir le gach soláthar poiblí seirbhíí atá ar conradh ag eintitis a áirítear ar Iarscíbhin 12-E de liosta Uragua, mura sonraítear a mhalairt i bhFoscíbhinní 12-E-1 go 12-E-7.

SEIRBHÍSI FOIRGNÍOCHTA

Tá feidhm ag Caibidil 12 maidir le gach soláthar poiblí seirbhíse atá ar conradh ag eintitis a áirítear in Iarscríbhinn 12-E i liosta Uragua, mura sonraítear a mhalairt i bhFoscíbhinní 12-E-1 go 12-E-7.

NÓTAÍ GINEARÁLTA

Tá feidhm ag na nótaí ginearálta seo a leanas maidir le Caibidil 12.

1. Níl feidhm ag Caibidil 12 maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) ceannacháin amhola agus a díorthach, bunolaí, breiseáin bhealaidh agus a muirir lasta faoi seach;
 - (b) ceannacháin fuinnimh;
 - (c) ceannach beostoic trí roghnú, i gcás eiseamail a bhfuil saintréithe speisialta acu;
 - (d) seirbhísí airgeadais a chur amach ar Conradh;
 - (e) conarthaí chun seirbhísí a tharmligean, amhail údaruithe, ceadanna agus lamhátais, lena n-áirítear oibreacha poiblí a lamhátais;
 - (f) na conarthaí a rinneadh faoi chuimsiú an Chláir Soláthair Phoiblí le haghaidh Forbartha agus an dlí maidir le feirmeoireacht teaghlaigh agus iascaireacht ar mionscála;
 - (g) seirbhísí gníomhaireachtaí nó seirbhísí de thaiscí fioscacha cánach, seirbhísí leachtaithe agus riaracháin d'institiúidí airgeadais rialáilte a fháil, ná seirbhísí díola agus dáilte fiachais phoiblí;

- (h) soláthar poiblí arna dhéanamh ag eintiteas chuig eintiteas nó cuideachta eile de chuid Stát Uragua, bíodh sé liostaithe i bhFoscábhinní 12-E-1, 12-E-2 agus 12-E-3 nó ná bíodh.
- (i) institiúidí neamhbhrabúis a fhostú atá tiomnaithe do chúnamh sóisialta, do theagasc, do thaighde agus d'fhorbairt institiúideach; nó
- (j) soláthar poiblí a dhéantar lasmuigh de chríoch Uragua lena thomhailt lasmuigh de chríoch an Pháirtí.

2. D'ainneoin aon fhoráil den Chomhaontú seo, i gconarthaí seirbhísí foirgníochta nó in oibreacha poiblí, féadfaidh Uragua corrlach fabhair a dheonú i bpraghas na dtairiscintí, agus d'fhéadfadh an corrlach fabhair sin a bheith coinníollach ar náisiúnaigh a fhostú, i gcomhréir leis na ceanglais cháilíochta arna mbunú i ndlí Uragua.

Léireofar an coinníoll sin san fhógra faoi sholáthar beartaithe agus saineofar go soiléir é sa doiciméadacht tairisceana;

Eisceachtaí ar an nós imeachta tairisceana poiblí

Féadfaidh eintitis conarthaí a dhámhachtain ar bhealaí eile seachas na nósanna imeachta tairisceana oscailte, sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás seirbhísí foirgníochta nó oibreacha poiblí, nuair atá gá le seirbhísí foirgníochta sa bhreis ar na seirbhísí a conraíodh ar dtús, chun freagairt d'imthosca gan choinne agus atá na seirbhísí foirgníochta sin riachtanach chun cuspóirí an chonartha ar a bhfuil siad bunaithe a chomhlíonadh; ní fhéadfaidh luach iomlán na gconarthaí arna ndámhachtain do na seirbhísí breise foirgníochta nó oibreacha poiblí sin a bheith níos mó ná 50 % (caoga faoin gcéad) de mhéid an phríomhchonartha; agus
- (b) i gcás ina n-éilíonn eintiteas seirbhísí comhairliúcháin a bhaineann le hábhair de chineál rúnda a bhféadfaí coinne réasúnach a bheith leis go ndéanfadh a nochtadh dochar d'fhaisnéis rúnda na hearnála poiblí, suaitheadh tromchúiseach eacnamaíoch a chruthú nó, ar shlí eile, a bheith contrártha do leas an phobail.

FAISNÉIS AGUS FÓGRAÍ A FHOILSIÚ SAN AONTAS

MEÁIN CHUN FAISNÉIS SOLÁTHAIR A FHOILSIÚ

Liostaítear san Fhoscúbhinn seo an meán leictreonach nó páipéir a úsáideann an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit chun dlíthe, rialacháin, cinntí breithiúnacha, rialuithe riarthacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo, clásail agus nósanna imeachta caighdeánacha conartha dá dtagraítear in Airteagal 12.12, maidir le soláthar poiblí a chumhdaítear le Caibidil 12.

1. LEIBHÉAL AN AONTAIS EORPAIGH

Faisnéis maidir le córas soláthair phoiblí an Aontais Eorpaigh:

(a) http://simap.ted.europa.eu/index_en.html

(b) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

2. BALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH

BELGIQUE/BELGIË /// AN BHEILG

(a) Dlíthe, rialacháin ríoga, rialacháin airí, ciorcláin airí:

le Moniteur Belge.

- (b) Cinntí breithiúnacha:

Pasicrisie.

AN BHULGÁIR

- (a) Dlíthe agus rialacháin:

Държавен вестник (Iris an Stáit).

- (b) Cinntí breithiúnacha:

<http://www.sac.government.bg>.

- (c) Rialuithe riarthacha ag a bhfuil feidhm ghinearálta agus aon nós imeachta:

<http://www.aop.bg>; agus

<http://www.cpc.bg>.

AN tSEICIA

- (a) Dlíthe agus Rialacháin:

Bailiúchán Dlíthe Phoblacht na Seice.

- (b) Rialuithe na hOifige um Chosaint na hIomaíochta:

Bailiúchán Rialuithe na hOifige um Chosaint Iomaíochta.

AN DANMHAIRG

- (a) Dlíthe agus rialacháin:

Lovtidende.

- (b) Cinntí breithiúnacha:

Ugeskrift for Retsvaesen.

- (c) Rialuithe agus nósanna imeachta riarthacha:

Ministerialtidende.

- (d) Rialuithe ó Bhord na Danmhairge um Ghearáin maidir le Soláthar Poiblí:

Kendelser fra Klagenævnet for Udbud.

AN GHEARMÁIN

- (a) Dlíthe agus rialacháin:

Bundesgesetzblatt; agus

Bundesanzeiger.

- (b) Cinntí breithiúnacha:

Entscheidungsammlungen des: Bundesverfassungsgerichts; Bundesgerichtshofs;

Bundesverwaltungsgerichts Bundesfinanzhofs sowie der Oberlandesgerichte.

AN EASTÓIN

- (a) Dlíthe, rialacháin agus rialuithe riarthacha a bhfuil feidhm ghinearálta acu:

Riigi Teataja - <http://www.riigiteataja.ee>.

- (b) Nósanna imeachta maidir le soláthar rialtais:

<https://riigihanked.riik.ee>.

ÉIRE

- (a) Dlíthe agus rialacháin:

Iris Oifigiúil (Iris Oifigiúil Rialtas na hÉireann).

AN GHRÉIG

Epishmh efhmerida eurwpaikwn koinothwn (Iris Rialtas na Gréige).

AN SPÁINN

- (a) Dlíthe agus rialacháin:

Boletín Oficial de Estado.

- (b) Cinntí breithiúnacha:

Gan aon fhoilseachán oifigiúil.

AN FHRAINIC

- (a) Dlíthe agus rialacháin:

Journal Officiel de la République française.

- (b) Cinntí breithiúnacha:

Recueil des arrêts du Conseil d'État; agus

Revue des marchés publics.

AN CHRÓIT

Narodne novine - <http://www.nn.hr>.

AN IODÁIL

- (a) Dlíthe agus rialacháin:

Gazzetta Ufficiale.

- (b) Cinntí breithiúnacha:

Gan aon fhoilseachán oifigiúil.

AN CHIPIR

- (a) Dlíthe agus rialacháin:

Επίσημη Εφημερίδα της Δημοκρατίας (Iris Oifigiúil na Poblachta).

- (b) Cinní breithiúnacha:

Αποφάσεις Ανωτάτου Δικαστηρίου 1999 — Τυπογραφείο της Δημοκρατίας (Cinní ón Ard-Chúirt Uachtarach – Oifig Clódóireachta).

AN LAITVIA

- (a) Dlíthe agus rialacháin:

Latvijas vēstnesis (Nuachtán Oifigiúil).

AN LIOTUÁIN

- (a) Dlíthe, rialacháin agus socrúithe riaracháin:

Teisės aktų registras (Clár na nGníomhartha Dlí).

- (b) Cinní breithiúnacha:

Feasachán Chúirt Uachtarach na Liotuáine ‘Teismų praktika’; agus

Feasachán Chúirt Riaracháin Uachtarach na Liotuáine ‘Administracinių teismų praktika’.

LUCSAMBURG

- (a) Dlíthe agus rialacháin:

Mémorial.

- (b) Cinntí breithiúnacha:

Pasicrisie.

AN UNGÁIR

- (a) Dlíthe agus rialacháin:

Magyar Közlöny (Iris Oifigiúil Phoblacht na hUngáire).

- (b) Cinntí breithiúnacha:

Közbeszerzési Értesítő - a Közbeszerzések Tanácsa Hivatalos Lapja (Feasachán Soláthair Phoiblí - Iris Oifigiúil na Comhairle um Sholáthar Poiblí).

MÁLTA

- (a) Dlíthe agus rialacháin:

Iris an Rialtais.

AN ÍSILTÍR

- (a) Dlíthe agus rialacháin:

Nederlandse Staatscourant or Staatsblad.

- (b) Cinntí breithiúnacha:

Gan aon fhoilseachán oifigiúil.

AN OSTAIR

- (a) Dlíthe agus rialachán:

Österreichisches Bundesgesetzblatt; agus

Amtsblatt zur leis Wiener Zeitung.

- (b) Cinntí breithiúnacha:

Entscheidungen des Verfassungsgerichtshofes, Verwaltungsgerichtshofes, Obersten Gerichtshofes, der Oberlandesgerichte, des Bundesverwaltungsgerichtes und der Landesverwaltungsgerichte.

AN PHOLAINN

- (a) Dlíthe agus rialacháin:

Dziennik Ustaw Rzeczypospolitej Polskiej (Iris na nDlíthe — Poblacht na Polainne).

- (b) Cinntí breithiúnacha:

‘Zamówienia publiczne w orzecznictwie. Wybrane orzeczenia zespołu arbitrów i Sądu Okręgowego w Warszawie’ (Rogha breitheanna ó phainéil eadrána agus ón gCúirt Réigiúnach i Vársá).

AN PHORTAINGÉIL

- (a) Dlíthe agus rialacháin:

Diário da República Portuguesa 1d Série A e 2a série.

- (b) Foilseacháin Bhreithiúnacha:

Tá moill ar an lódáil, is cosúil;

Colectânea de Acordos do Supremo Tribunal Administrativo; agus

Colectânea de Jurisprudencia Das Relações.

AN RÓMÁIN

- (a) Dlíthe agus Rialacháin:

Monitorul Oficial al României (Iris Oifigiúil na Rómáine).

- (b) Cinntí breithiúnacha, rialuithe riarthacha ag a bhfuil feidhm ghinearálta agus aon nós imeachta:

<http://www.anrmap.ro>.

AN tSLÓIVÉIN

- (a) Dlíthe agus rialacháin:

Iris Oifigiúil Phoblacht na Slóivéine.

- (b) Cinntí breithiúnacha:

Gan aon fhoilseachán oifigiúil.

AN tSLÓVAIC

- (a) Dlíthe agus rialacháin:

Zbierka zakonov (Bailiúchán Dlíthe).

- (b) Cinntí breithiúnacha:

Gan aon fhoilseachán oifigiúil.

AN FHIONLAINN

Suomen Säädoskokoelma — Finlands Författningssamling (Bailiúchán Reachtanna na Fionlainne).

AN tSUALAINN

Svensk Författningssamling (Cód Reachtanna na Sualainne).

MEÁIN CHUN FÓGRAÍ A FHOILSIÚ

Liostaítear san Fhoscúbhinn seo an meán leictreonach nó páipéir a úsáideann an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit chun fógraí a fhoilsiú de bhun Airteagal 12.12, maidir le soláthar poiblí a chumhdaítear le Caibidil 12.

1. LEIBHÉAL AN AONTAIS EORPAIGH

Forlíonadh ar Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, agus a leagan leictreonach:

- (a) Ted (tairiscintí go leictreonach go laethúil) <http://ted.europa.eu>
- (b) (fáil air freisin ón tairseach http://simap.ted.europa.eu/index_en.html)

2. BALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH

BELGIQUE/BELGIË /// AN BHEILG

- (a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;
- (b) Le Bulletin des Adjudications; agus
- (c) Foilseacháin eile sa phreas speisialaithe.

AN BHULGÁIR

- (a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;

(b) Държавен вестник (Iris an Stáit) — <http://dv.parliament.bg>; agus

(c) Clár Soláthair Phoiblí — <http://www.aop.bg>.

AN tSEICIA

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

AN DANMHAIRG

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

AN GHEARMÁIN

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

AN EASTÓIN

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

ÉIRE

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus

(b) eTenders (www.etenders.gov.ie).

AN GHRÉIG

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus

- (b) Foilsítear sa phreas laethúil, airgeadais, réigiúnach agus speisialaithe.

AN SPÁINN

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

AN FHRAINIC

- (a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus
- (b) Bulletin officiel des annonces des marchés publics.

AN CHRÓIT

- (a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus
- (b) Elektronički oglasnik javne nabave Republike Hrvatske (Fógraí Rangaithe Leictreonacha Soláthair Phoiblí Phoblacht na Cróite).

AN IODÁIL

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

AN CHIPIR

- (a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;
- (b) Iris Oifigiúil na Poblachta; agus
- (c) An Preas Laethúil Áitiúil.

AN LAITVIA

- (a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus
- (b) Latvijas vēstnesis (Nuachtán oifigiúil).

AN LIOTUÁIN

- (a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;
- (b) Centrinė viešųjų pirkimų informacinė sistema (Tairseach Lárnach an tSoláthair Phoiblí); agus
- (c) Forlíonadh faisnéise ‘Informaciniai pranešimai’ a ghabhann le hIris Oifigiúil (‘Valstybės žinios’) Phoblacht na Liotuáine.

LUCSAMBURG

- (a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus
- (b) An Preas laethúil.

AN UNGÁIR

- (a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus
- (b) Közbeszerzési Értesítő — a Közbeszerzések Tanácsa Hivatalos Lapja (Feasachán Soláthair Phoiblí – Iris Oifigiúil na Comhairle um Sholáthar Poiblí).

MÁLTA

- (a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus
- (b) Iris an Rialtais.

AN ÍSILTÍR

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

AN OSTAIR

- (a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus
- (b) Amtsblatt zur leis Wiener Zeitung.

AN PHOLAINN

- (a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus
- (b) Biuletyn Zamówień Publicznych (Feasachán Soláthair Phoiblí).

AN PHORTAINGÉIL

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

AN RÓMÁIN

- (a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;

- (b) Monitorul Oficial al României (Iris Oifigiúil na Rómáine); agus
- (c) Córas Leictreonach um Sholáthar Poiblí – <http://www.e-licitatie.ro>.

AN tSLÓIVÉIN

- (a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus
- (b) Portal javnih naročil - <http://www.enarocanje.si/?podrocje=portal>.

AN tSLÓVAIC

- (a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus
- (b) Vestnik verejnego obstaravanja (Iris Soláthair Phoiblí).

AN FHIONLAINN

- (a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus
- (b) Julkiset hankinnat Suomessa ja ETA-alueella, Virallisen lehden liite (Soláthar Poiblí san Fhionlainn agus i Limistéar LEE, Forlónadh a ghabhann le hIris Oifigiúil na Fionlainne).

AN tSUALAINN

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

FAISNÉIS AGUS FÓGRAÍ A FHOILSIÚ SAN AIRGINTÍN

MEÁIN CHUN FAISNÉIS SOLÁTHAIR A FHOILSIÚ

Foilsítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(c) d'Airteagal 12.12 ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

- Boletín Oficial de la República Argentina
- Oficina Nacional de Contrataciones

MEÁIN CHUN FÓGRAÍ A FHOILSIÚ¹

Foilsítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(d) d'Airteagal 12.12 ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

- Boletín Oficial de la República Argentina
- Participación Público-Privada
- Portal de Compras Públicas de la República Argentina (COMPR.AR)
- Portal Electrónico de Contratación de Obra Pública (CONTRAT.AR)

¹ D'ainneoin Airteagal 12.13(1), i gcás eintitis soláthair a chumhdaítear faoi Fhoscúbhinn 12-B-1, féadfaidh an Airgintín idirthréimhse suas le 18 mí (ocht mí dhéag) a chur i bhfeidhm ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Soláthróidh na heintitis sin, le linn na hidirthréimhse sin, a bhfógraí faoi sholáthar beartaithe trí naisc i suíomh leictreonach tairsí atá inrochtana saor in aisce.

FAISNÉIS AGUS FÓGRAÍ A FHOILSIÚ SA BHRASAÍL

MEÁIN CHUN FAISNÉIS SOLÁTHAIR A FHOILSIÚ

Foilsítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(c) d'Airteagal 12.12 ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

<https://www.gov.br/pncp/pt-br>

Déanfar fógraí faoi sholáthar beartaithe a phoibliú ar Thairseach Náisiúnta na Brasaíle um Sholáthar Poiblí (Portal Nacional de Compras Públicas — PNCP), i dtéarmaí dhlíthe na Brasaíle, go sonrach Cód Sibhialta na Brasaíle (10.406, 10 Eanáir, 2002) agus Dlí na Brasaíle maidir le Soláthar Poiblí (14.133, 1 Aibreán 2021)

MEÁIN CHUN FÓGRAÍ A FHOILSIÚ

Foilsítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(d) d'Airteagal 12.12 ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

<https://www.gov.br/compras/pt-br/>

<https://www.gov.br/pncp/pt-br>

FAISNÉIS AGUS FÓGRAÍ A FHOILSIÚ I bPARAGUA

MEÁIN CHUN FAISNÉIS SOLÁTHAIR A FHOILSIÚ

Foilsítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(c) d'Airteagal 12.12 ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

Suíomh gréasáin:

Dirección Nacional de Contrataciones Públicas

MEÁIN CHUN FÓGRAÍ A FHOILSIÚ

i mír 1(d) d'Airteagal 12.12 ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

Suíomh gréasáin:

Dirección Nacional de Contrataciones Públicas

FAISNÉIS AGUS FÓGRAÍ A FHOILSIÚ IN URAGUA

MEÁIN CHUN FAISNÉIS SOLÁTHAIR A FHOILSIÚ

Foilsítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(c) d'Airteagal 12.12 ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

- Suíomh gréasáin Agencia de Compras y Contrataciones del Estado (ACCE)

MEÁIN CHUN FÓGRAÍ A FHOILSIÚ

Foilsítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(d) d'Airteagal 12.12 ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

- Suíomh gréasáin Agencia de Compras y Contrataciones del Estado (ACCE)
-

FÓGRA ACHOMAIR

Áireofar an méid seo a leanas i ngach fógra achomair:

- (a) ábhar an tsoláthair;
 - (b) an dáta deiridh faoina bhféadfar tairiscintí a chur isteach nó, i gcás inarb infheidhme, aon dáta deiridh faoina bhféadfar iarrataí a chur isteach ar rannpháirtíocht sa soláthar nó ar bheith san áireamh ar liosta ilúsáide; agus
 - (c) an seoladh ag a bhféadfar doiciméid a bhaineann leis an soláthar a iarraidh.
-

FÓGRA INA n-IARRTAR AR SHOLÁTHRÓIRÍ LEASMHARA
IARRATAS A DHÉANAMH AR A BHEITH SAN ÁIREAMH AR LIOSTA ILÚSÁIDE

Áireofar an méid seo a leanas i ngach fógra lena n-iarrtar ar sholáthróirí leasmhara iarratas a dhéanamh ar a bheith san áireamh ar liosta ilúsáide:

- (a) tuairisc ar na hearraí nó na seirbhísí, nó ar chatagóirí díobh, a bhféadfar an liosta a úsáid ina leith;
- (b) na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht nach mór do sholáthróirí a chomhlíonadh i dtaobh a bheith san áireamh ar an liosta agus na modhanna a úsáidfidh an t-eintiteas soláthair lena fhíorú go gcomhlíonann soláthróir na coinníollacha;
- (c) ainm agus seoladh an eintitis soláthair agus faisnéis eile is gá chun teagmháil a dhéanamh leis an eintiteas soláthair agus na doiciméid ábhartha go léir a fháil a bhaineann leis an liosta;
- (d) tréimhse bhailíochta an liosta agus na modhanna chun é a athnuachan nó a fhoirceannadh, nó sa chás nach soláthraítear an tréimhse bhailíochta, léiriú ar an gcaoi a dtabharfar fógra maidir le húsáid an liosta a fhoirceannadh; agus
- (e) léiriú go bhféadfar an liosta a úsáid le haghaidh soláthar a chumhdaítear le Caibidil 12.

TRÉIMHSÍ AMA

Sprioc-am chun iarrataí ar rannpháirtíocht a chur isteach i gcás nós imeachta tairisceana ar cuireadh

1. I gcás eintiteas soláthair a bhaineann úsáid as nós imeachta tairisceana ar cuireadh, suífidh sé nach mbeidh dáta deiridh faoina bhféadfar iarrataí ar rannpháirtíocht a chur isteach, i bprionsabal, níos luaithe ná 25 lá (cúig lá is fiche) ón dáta a fhoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe. I gcás ina bhfágann staid phráinne atá cuí-réasúnaithe ag an eintiteas soláthair go bhfuil an tréimhse ama sin dofheidhmithe, féadfar an tréimhse a laghdú go tréimhse nach lú ná 10 (deich) lá.

Sprioc-amanna chun tairiscintí a chur isteach

2. Ach amháin mar a fhoráiltear i míreanna 3, 4 6 agus 7, suífidh eintiteas soláthair nach mbeidh an dáta deiridh faoina bhféadfar tairiscintí a chur isteach níos gairide ná 40 (daichead) lá ón dáta:
 - (a) i gcás nós imeachta tairisceana oscailte, a fhoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe; nó
 - (b) i gcás nós imeachta tairisceana ar cuireadh, a thabharfaidh an t-eintiteas fógra do sholáthróirí go n-iarrfar orthu tairiscintí a chur isteach, cibé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann sé liosta ilúsáide.

Cásanna inar féidir an tréimhse tairisceana (oscailte agus ar cuireadh) a laghdú

3. Féadfaidh eintiteas soláthair an tréimhse tairisceana a leagtar amach i mír 2 a laghdú go tréimhse nach gairide ná 10 (deich) lá más rud é:

(a) go bhfuil fógra faoi sholáthar pleanáilte foilsithe ag an eintiteas soláthair faoi Airteagal 12.13 (3) 40 (daichead) lá ar a laghad agus tráth nach mó ná 12 mhí (dhá mhí dhéag) roimh fhoilsiú an fhógra faoi sholáthar beartaithe, agus go bhfuil na nithe seo a leanas san fhógra faoi sholáthar pleanáilte:

(i) tuairisc ar an soláthar;

(ii) na neas-spriocdhátaí maidir le cur isteach tairiscintí nó iarrataí ar rannpháirtíocht;

(iii) an seoladh ag a bhféadfar doiciméid a bhaineann leis an soláthar a fháil; agus

(iv) an oiread faisnéise a cheanglaítear faoi Iarscríbhinn 12-O le haghaidh an fhógra faoi sholáthar beartaithe, agus atá ar fáil;

(b) go léireoidh an t-eintiteas soláthair, le haghaidh soláthairtí de chineál athfhillteach, i bhfógra tosaigh faoi sholáthar beartaithe, go soláthrófar i bhfógraí ina dhiaidh sin tréimhsí tairisceana i gcomhréir leis an mír seo; nó

(c) go bhfágann staid phráinne atá cuí-réasúnaithe ag an eintiteas soláthair gur dofheidhmithe an tréimhse tairisceana a bhunaítear i gcomhréir le mír 2.

4. Féadfaidh eintiteas soláthair 5 (cúig) lá de laghdú a chur i bhfeidhm ar an tréimhse tairisceana a leagtar amach i mír 2 le haghaidh gach ceann de na himthosca seo a leanas:
 - (a) foilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe trí mheán leictreonach;
 - (b) cuirfear an doiciméadacht tairisceana go léir ar fáil trí mheán leictreonach ón dáta a fhoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe; agus
 - (c) féadfaidh an t-eintiteas soláthair na tairiscintí a fháil go leictreonach.
5. Ní bheidh sé ina thoradh i gcás ar bith ar úsáid mhír 4, i gcomhar le mír 3, go laghdófar an tréimhse tairisceana a leagtar amach i mír 2 go tréimhse is gairide ná 10 (deich) lá ón dáta a fhoilsítear an fógra faoi sholáthar beartaithe.
6. D'ainneoin aon fhoráil eile san Iarscríbhinn seo, i gcás ina gceannaíonn eintiteas soláthair earraí nó seirbhísí tráchtála, nó aon teaghlaim díobh sin, féadfaidh sé an tréimhse tairisceana a leagtar amach i mír 2 a laghdú chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) tréimhse nach lú ná 13 lá (trí lá dhéag), ar choinníoll go bhfoilseoidh sé trí mheán leictreonach, an tráth céanna, an fógra faoi sholáthar beartaithe agus an doiciméadacht tairisceana araon; agus
 - (b) tréimhse nach lú ná 10 (deich) lá, má ghlacann an t-eintiteas le tairiscintí le haghaidh earraí tráchtála nó seirbhísí trí mheán leictreonach freisin.
7. Maidir le heintiteas soláthair a liostaítear i bhFoscríbhinní 12-A-2, 12-A-3, 12-B-2, 12-B-3, 12-C-2, 12-C-3, 12-D-2, 12-D-3, 12-E-2 agus 12-E-3, i gcás ina mbeidh na soláthróirí cáilithe uile nó líon teoranta soláthróirí cáilithe roghnaithe aige, féadfar an tréimhse tairisceana a shocrú trí chomhaontú frithpháirteach idir an t-eintiteas soláthair agus na soláthróirí roghnaithe. In éagmais comhaontaithe, ní bheidh an tréimhse níos lú ná 10 (deich) lá.

FOIRMLE COIGEARTAITHE TAIRSEACH

Le haghaidh an Aontais Eorpaigh:

- (a) Déanfar an tairseach a choigeartú ag eatrainmh 2 (dhá) bhliain agus tiocfaidh gach coigeartú i bhfeidhm an 1 Eanáir;
- (b) Beidh ríomh luachanna na dtairseach bunaithe ar mheánluachanna laethúla na gceart tarraingthe speisialta (dá ngairtear ‘CTSanna’ anseo feasta) ar ráta malairte Euro thar na 24 mhí is fiche (ceithre mhí is fiche) dar críoch an 31 Lúnasa roimh an athbhreithniú le héifeacht ón 1 Eanáir ar aghaidh. Déanfar luach na dtairseach arna n-athbhreithniú amhlaidh a shlánú síos, más gá, go dtí an míle Euro is gaire. Is é an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (dá ngairtear ‘CAI’ anseo feasta) foinse sonraí an ráta malairte; agus
- (c) Cuirfidh an tAontas Eorpach luach na dtairseach nua-ríofa ar fáil go poiblí sula ngabhfaidh éifeacht leis na tairseacha faoi seach.

Le haghaidh Stáit Sínithe MERCOSUR:

- (a) Déanfaidh gach Stát Sínithe MERCOSUR luach na dtairseach a ríomh agus a chomhshó ina airgeadra náisiúnta, agus úsáid á baint as rátaí comhshó CAI. Is éard a bheidh sna rátaí comhshó meánluachanna a n-airgeadraí náisiúnta faoi seach i dtéarmaí CTS arna fhoilsiú ag CAI ina ‘Staidreamh Airgeadais Idirnáisiúnta’ míosúil, thar an tréimhse 2 (dhá) bhliain roimh an 1 Deireadh Fómhair den bhliain sular tháinig na tairseacha i bhfeidhm. Beidh feidhm ag na tairseacha comhshóite ón 1 Eanáir den bhliain ina dhiaidh sin ar aghaidh agus socrófar iad ar feadh 1 (aon) bhliain amháin; agus

- (b) Cuirfidh gach ceann de Stáit Sínithe MERCOSUR luach na dtairseach nua-ríofa ar fáil go poiblí, ina n-airgeadra náisiúnta, sula ngabhfaidh éifeacht leis na tairseacha faoi seach.
-

FÓGRA FAOI SHOLÁTHAR BEARTAITHE

Áireofar an méid seo a leanas i ngach fógra faoi sholáthar beartaithe:

- (a) ainm agus seoladh an eintitis soláthair agus faisnéis eile is gá chun teagmháil a dhéanamh leis an eintiteas soláthair d'fhonn na doiciméid ábhartha go léir a fháil a bhaineann leis an soláthar, agus a gcostas agus a dtéarmaí íocaíochta, más ann dóibh;
- (b) tuairisc ar an soláthar faoi chumhdach, lena n-áirítear cineál agus cainníocht na n-earraí nó na seirbhísí atá le soláthar nó, i gcás nach bhfuil an chainníocht ar eolas, an chainníocht mheasta;
- (c) an modh soláthair atá le húsáid agus cé acu atá nó nach bhfuil caibidlíocht nó ceant leictreonach i gceist leis;
- (d) an seoladh agus an dáta deiridh i dtaobh tairiscintí a chur isteach;
- (e) an teanga nó na teangacha ina bhféadfar tairiscintí nó iarrataí ar rannpháirtíocht a chur isteach, an bhféadfar iad a chur isteach i dteanga seachas teanga oifigiúil de chuid Pháirtí an eintitis soláthair;
- (f) i gcás conarthaí athfhillteacha, meastachán, más féidir, ar uainiú fógraí ina dhiaidh sin faoi sholáthar beartaithe;

- (g) tuairisc ar aon roghanna;
- (h) an fráma ama i ndáil le hearraí nó seirbhísí a sheachadadh, nó fad an chonartha;
- (i) i gcás inarb infheidhme, an seoladh agus aon dáta deiridh i dtaobh iarrataí ar rannpháirtíocht sa soláthar a chur isteach;
- (j) liosta agus tuairisc ghairid ar aon choinníoll maidir le rannpháirtíocht soláthróirí; agus
- (k) más rud é, de bhun Airteagal 12.15, go bhfuil sé ar intinn ag eintiteas soláthair líon teoranta soláthróirí cáilithe a roghnú a n-iarrfar orthu tairiscint a chur isteach, na critéir atá le húsáid chun iad a roghnú agus, i gcás inarb infheidhme, aon teorainn ar líon na soláthróirí a cheadaítear dóibh tairiscint a chur isteach.
